2026/1767

20.7.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1767 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Iúil 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1277 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Liobáin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1277 ([1]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Liobáin.

(2) Beidh feidhm ag Cinneadh (CBES) 2021/1277 go dtí an 31 Iúil 2026. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 31 Iúil 2027.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2021/1277 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 9, an chéad mhír, de Chinneadh (CBES) 2021/1277, cuirtear an dáta ‘an 31 Iúil 2027’ in ionad an dáta ‘an 31 Iúil 2026’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/1277 ón gComhairle an 30 Iúil 2021 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Liobáin (IO L 277 I, 2.8.2021, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1277/oj).